

# Gaelscoil Eoghain Uí Thuairisc Ceatharlach

## RÁITEAS SÁBHÁILTEACHTA

Chuir gach aon fhostaí, chuir na daltaí is chuir gach aon chuiditheoir chun na scoile.

Táimidne, Bord Bainistíochta Ghaelscoil Eoghain Uí Thuairisc tiomanta dó go gcuirfeadh gach riachtanas a bhaineann le reachtaíocht sláinte agus sábháilteachta i dtaca leis an scoil seo, i bhfeidhm go forghníomhach. An príomhthréith a bhaineann leis an dearcadh atá againn i leith shláinte agus shábháilteacht ná go bhfuil gealltanas á thabhairt againn go gcuirfeadh an ráiteas sláinte agus sábháilteachta i bhfeidhm agus go ndéanfar meastachán éifeachtachta air go rialta agus go gcoimeádfar suas chun dáta é dá bharr san. Agus an méid seo ar intinn againn, rinneamar measúnú riosca ar gach réimse gníomhartha agus oibríthe ar fud na scoile, ag díriú go speisialta ar ghuaiseanna a bhaineann le COVID-19 faoi láthair. Rinneamar an measúnú riosca seo a phlé leis na fostaíthe cuí, agus d'oibríomar leis an gcoiste sábháilteachta chun an ráiteas sábháilteachta a ullmhú.

Leagtar amach sa ráiteas seo na bearta atá idir lámha againn chun an uile dhuine a oibríonn anseo, a fhreastalaíonn ar, nó a thugann cuairt ar an scoil a chosaint.

Tacaíonn an Bord Bainistíochta leis an ráiteas seo, agus bhronnadar an fhreagracht ormsa mar Chathaoirleach, féachaint chuige go gcuirfeadh i bhfeidhm é. Táimse tiomanta do na spriocanna a leagann an ráiteas sláinte agus sábháilteachta amach a chomhlíonadh.

Is féidir eolas agus comhairle a fháil ó Aingeal Uí Dhálaigh, príomhoide na scoile, faoi na bealaí inar féidir le cách cloí leis an ráiteas sábháilteachta seo, ach tá an fhreagracht ar an duine féin a oibríonn anseo mar mhúinteoir, mar chúntóir riachtanas speisialta, mar rúnaí, mar ghlantóir, mar fheighlí, nó a thagann ar cuairt, nó a bhíonn ar scoil ar aon bhealach eile, na rialacha seo a chomhlíonadh.

Tá an Bord Bainistíochta tiomanta d'oiliúint maidir le sláinte agus sábháilteacht a chur ar fáil do na fostaíthe ionas go dtuigfidh siad go maith aon bhaol nó riosca a d'fhéadfadh bheith ann rompu.

Bíimid ag súil leis go ndéanfaidh gach oibrí, gach dalta agus gach aon chuiditheoir comhoibriú linn chun an sprioc seo d'ionad oibre gan timpiste a chruthú.

Caithfidh tusa bheith gníomhach maidir leis an ráiteas sábháilteachta de agus

- Feidhmiú de réir gach riail a bhaineann le sláinte agus sábháilteacht
- Bheith ag obair go sábháilte ar bhealach nach gcuirfidh aon duine eile i mbaol
- Eolas agus tuiscint bheith agat faoi mheasúnú riosca
- Aon fhadhb a bhaineann le sláinte agus sábháilteacht a chur in iúl d'Aingeal Uí Dhálaigh an Príomhoide scoile nó Tony Shaw an feighlí
- Aithne bheith agat ar d'ionadaithe ar shábháilteacht agus aon cheist a bheadh agat maidir le sláinte agus sábháilteacht a chur orthusan

Déanfar aon chomhairliúchán idir bhainistíocht agus fhostaithe a reáchtáil faoi choimirce an Choiste Sábháilteachta.

### **Is iad baill an Choiste Sábháilteachta ná:**

**Príomhoide:** Aingeal Uí Dhálaigh

**Oifigeach Sábháilteachta:** Caoimhe Uí Fhearaíl

**Ionadaí Sábháilteachta:** Art Ó Grifín

**Feighlí na Scoile:** Tony Shaw

**Dáta:** 14/09/2020

**Maria Mhic Dhiarmada (Cathaoirleach)**